2024/2570

27.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2570 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meatocsaclór

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([3]) ('an Prótacal').

(2) Tá liosta ceimiceán in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ceanglaítear ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún na ceimiceáin ar an liosta a thoirmeasc nó na bearta dlíthiúla agus riaracháin is gá a dhéanamh chun deireadh a chur lena dtáirgeadh, lena n-úsáid, lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú.

(3) Le linn an 11ú cruinniú a bhí ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ón 1 go dtí an 12 Bealtaine 2023, rinne sí cinneadh, de bhun Airteagal 8(9) den Choinbhinsiún, Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun meatocsaclór a áireamh san Iarscríbhinn sin gan aon díolúine shonrach. Thacaigh an tAontas le meatocsaclór a áireamh in Iarscríbhinn A gan díolúintí sonracha mar a shonraítear i gCinneadh (AE) 2023/1006 ón gComhairle ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ina bhfuil an liosta substaintí a liostaítear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal chomh maith le substaintí nach liostaítear ach sa Choinbhinsiún, a leasú chun meatocsaclór a áireamh.

(4) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 san Aontas a threisiú, ba cheart teorainnluach a shocrú i ndáil le meatocsaclór a bhíonn ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe i substaintí, i meascáin agus in earraí. Ba cheart an teorainnluach sin a shocrú ag 0,01 mg/kg, rud a chomhfhreagraíonn don uasleibhéal iarmhar le haghaidh meatocsaclóir a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.
([2]) Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 i ndáil le Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/507/oj).
([3]) Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 i ndáil leis an bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 81, 19.3.2004, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/259/oj).
([4]) Cinneadh (AE) 2023/1006 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí maidir le leasuithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin (IO L 136, 24.5.2023, lch. 55, http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1006/oj).
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Substaint	Uimh. CAS	Uimh. CE	Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile
'Meatocsaclór Le "meatocsaclór" tagraítear d'aon isiméir fhéideartha de dhémheatocsaidhéfheiniltrí-chlóireatán nó aon teaglaim díobh.	72-43-5 30667-99-3 76733-77-2 255065-25-9 255065-26-0 59424-81-6 1348358-72-4 agus cinn eile	200-779-9	Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le tiúchain meatocsaclóir atá cothrom le 0,01 mg/kg (0,000001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí.'